

Treoir Mhearthagartha Surf Accounts

Cairt na gCuntas á Nuashonrú

Cairt na gCuntas á Nuashonrú:

Ní mór na cóid ainmniúla nua seo a leanas a bhunú in Surf Account chun Deontas Caipitil Leabhair Leabharlainne na Scoile a thaifeadh:

Cód Ainmniúil	Cur síos	Cineál	Catagóir
3155	Deontas Caipitil faoi chomhair Leabhair don Leabharlann Scoile	Ioncam	An Roinn Oideachais
4641	Costas a bhaineann leis an Deontas Caipitil faoi chomhair Leabhair don Leabharlann Scoile	Caiteachas	Caiteachas Eile Oideachais
2161	Deontas Caipitil gan Chaitheamh faoi chomhair Leabhair don Leabharlann Scoile	Dlíteanas Reatha	Fabhruithe



1. Conas cuntas ainmniúil nua a chruthú

Seo thíos na treoracha maidir le conas cuntas ainmniúil nua a chruthú.

Treoracha

- Téigh go **Mórleabhar Ginearálta** > Roghnaigh **Cairt na gCuntas**
- Cliceáil ar **Deilbhín** nua
- Roghnaigh an grúpa cuntas mar atá léirithe le **Cineál** agus **Catagóir** sa tábla thuas
 - Iontráil an códuimhir an chuntais ábhartha
 - Iontráil an tuairisc
 - Roghnaigh **Sábháil**

Sampla

- Cuntas nua: 3155 Deontas Caipitil faoi chomhair Leabhair don Leabharlann Scoile
- Iontráil sonraí ar Surf Accounts mar seo a leanas:
 - I nGrúpa Cuntas – roghnaigh Deontais na Rannóige Ioncaim
 - I gCód Cuntais – iontráil 3155
 - I dTuairisc - clóscríobh Deontas Caipitil faoi chomhair Leabhair don Leabharlann Scoile
- Cliceáil ar **Sábháil**

New Account

ACCOUNT GROUP

Income Department Grants

ACCOUNT CODE

3155

ACCOUNT TYPE

Income & Expenditure

CODE RANGE

From 3000 To 3294

DESCRIPTION

School Library Books Capital Grar

Is this a Bank Account

Advanced

Cancel

Save